
[redacted]

# FÓGRA POIBLÍ

## An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011

## Cuireadh d'aighneachtaí poiblí ar iarratas ar cheadúnas úsáide muirí agus ar mheasúnacht chuí

Chuir Uisce Éireann iarratas faoi bhráid an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí ("MARA") ar cheadúnas úsáide muirí faoi alt 117 den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 chun tabhairt faoi shuirbhéanna comhshaoil mhuirí chun críocha imscrúdaithe láithreáin, a thagann faoi Sceideal 7(3) den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 (Acht MAP). Ceanglaítear ar na gníomhaíochtaí faisnéis a bhailiú ar shruthanna uisce, bataiméadracht agus sonraí coimhdeacha faoi theocht, seoltacht agus salandacht laistigh de Bhá Dhún na nGall, Cuan Shligigh agus uiscí eatarthu. Teastaíonn na sonraí sin ó Uisce Éireann chun gur féidir leo tabhairt faoi shamhaltú uimhriúil chun críocha bonn eolais a chur faoi chóireáil fuíolluisce a dhearadh agus a chur isteach amach anseo agus leis an tionchar a scrúdú a imríonn fuíolluisce ar cháilíocht an uisce agus ar uiscí sliogéisc ainmnithe sna ceantair máguaird. Baineann tréimhse 3 bliana leis an iarratas ar cheadúnas.




Seoladh Ráiteas Tionchair Natura gaolmhar leis an iarratas thuas ar cheadúnas. Tá an t-iarratas ar cheadúnas agus an Ráiteas Tionchair Natura ar fáil lena n-iniúchadh ar shuíomh gréasáin MARA https://www.maritimeregulator.ie/application/mul240012/agus ag an seoladh seo a leanas trí choinne – An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, An 2ra hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

Is féidir le baill den phobal ar mian leo aighneacht a dhéanamh i scríbhinn le MARA ar an iarratas ar cheadúnas agus an Ráiteas Tionchair Natura amhlaidh a dhéanamh agus an uimhir thagartha: **MUL240012** á lua chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas – licence@mara.gov.ie nó sa phost chuig an seoladh seo a leanas – An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, An 2ra hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

Is é an dáta agus an t-am is déanaí ar a nglacfaidh MARA le haighneachtaí scríofa 17.30 an 08/03/2026.

Tabharfaidh MARA ansin, a luaithe is indéanta, faoin gcinneadh faoin measúnacht chuí i gcomhréir le Rialachán 42 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 Déanfaidh MARA an t-iarratas ar cheadúnas a dheonú, a dheonú go páirteach nó a dhiúltú i ndiaidh an chinnidh.

Dar dáta an 3 lá seo de Feabhra 2026..



**Síniú: Ionadaí thar ceann Uisce Éireann.**